



Plean Seirbhíse 2026

Bríomhar | Ilchineálach | Nuálach



lwetb

*Bord Oideachais agus Oiliúna
an Longfoirt agus na hIarmhí*
Longford and Westmeath
Education and Training Board



Clár na nÁbhar

| | |
|---|---------|
| Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach | 3 |
| Teachtaireacht ón gCathaoirleach | 5 |
| Próifil Chontaetha an Longfoirt agus na hIarmhí | 6 |
| Próifil BOOLI | 7 |
| Ár Misean, ár Bhfís & ár Luachanna | 8 |
| Ár Luachanna | 9 |
| Príomhfhórais agus Príomhfhóiracha BOOLI | 10 |
| Miondealú foirne BOOLI | 11 |
| Láithreacht Seirbhísí BOOLI | 12 |
| | |
| Tosaíochtaí Straitéiseacha | 13 - 18 |
| Ráiteas maidir le Seirbhísí – Breisoideachas agus | |
| Oiliúint (FET) | 19 - 27 |
| Ráiteas maidir le Seirbhísí - Scoileanna, | |
| Aonad Oibre Óige & Music Generation | 28 - 57 |
| Ráiteas maidir le Seirbhísí – Tacaíocht & Forbairt | |
| Eagraíochta | 58- 68 |
| Comhaontú Seachadta Feidhmíochta 2026 | 69 - 73 |
| Fáltais agus Caiteachas Réamh-Mheasta | 73 - 76 |
| Appendix 1. DFHERIS/SOLAS Breisoideachas agus Oiliúint (FET) Service Provision 2026 for Plean Seirbhíse BOOLI | 77 - 82 |

Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach



Iscúis áthais dom Plean Seirbhíse Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI) 2026 a chur i láthair. Is é seo an plean deireanach i saolré an Ráitis Straitéise 2022–2026, agus mar sin díronn sé ar na gealltanais atá fós againn a chur i gcrích agus ar ár misean a thabhairt chun cinn, is é sin seirbhísí oideachais agus oiliúna dinimiciúla, éagsúla agus nuálacha a chur ar fáil sa Longfort agus san Iarmhí.

Tá ár Ráiteas Straitéise bunaithe ar chúig Thosaíocht Straitéiseacha:

1. Múineadh, foghlaim, measúnacht, forbairt agus taithí foghlaimeora ar ardchaighdeán
2. Bonneagar feabhsaithe
3. Tacaíocht agus forbairt eagraíochta neartaithe
4. Comhpháirtíochtaí saibhrithe
5. Inbhuanaitheacht chomhshaoil agus shóisialta

Rinneadh athbhreithniú in 2025 chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir lenár dtosaíochtaí a bhaint amach. Gabhaim buíochas ó chroí le comhaltaí an Bhoird, leis na baill foirne agus na foghlaimeoirí inár scoileanna, ionaid, seirbhísí agus oifigí riaracháin uile a thug tuairimí cuiditheacha i suirbhé anuraidh. Bhí an t-aiseolas thar a bheith dearfach agus cabhróidh sé lena chinntiú go bhfreagróidh Plean Seirbhíse 2026 go héifeachtach do riachtanais na bhfoghlaimeoirí, ár bhfoirne, ár bpáirtithe leasmhara agus na bpobal a bhfreastalaímid orthu, riachtanais a bhíonn ag síorathrú.

Bunaíodh BOOLI faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Faoi láthair, tá tuairim is 1,220 ball foirne ann agus líon ard foghlaimeoirí ag fáil tacaíochta ó bhuiséad réamh-mheasta dar luach thart ar €95 milliún. Agus muid ag fás i gcónaí, beidh tionchar ag ár luachanna — go háirithe gníomhú le hionracas, ionchuimsiú a cheiliúradh agus an foghlaimeoir a chur ag an gcroílár — ar an gcaoi a gcuirimid seirbhísí ar fáil agus a dtacaímid lenár bhfoirne.

Tá rialachas láidir ina gné lárnach dár gcuid oibre i gcónaí. Leagtar amach sa Chód Rialachais do BOONa (2024) ionchais shoiléire maidir le trédharcacht, cuntasacht agus maoirseacht éifeachtach. Tá se ríthábhachtach i gcónaí cloí leis an gCód seo, go háirithe ós rud é go bhfuil BOOLI á mhaoiniú ag an Rialtas agus go bhfaigheann sé acmhainní poblí suntasacha.



Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach ar lean

Tugtar breac-chuntas sa Phlean Seirbhíse ar phríomhspriocanna ar fud trí cholún – Breisoideachas agus Oiliúint; Scoileanna, an Óige agus Ceol; agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta, chomh maith le hioncam agus caiteachas réamh-mheasta do 2026. Cinntíonn ár bplean freisin go mbeidh ár ngníomhaíochtaí ag teacht le tosaíochtaí straitéiseacha an Rialtais agus ár lucht maoinithe, rud a thabharfaidh deis do BOOLI cur go fiúntach le cuspóirí náisiúnta beartais agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais réigiúnacha ag an am céanna.

Gabhaim buíochas ó chroí le Cathaoirleach agus Bord BOOLI; leis an gCoiste Airgeadais agus leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca; leis na Stiúrthóirí Breisoideachais agus Oiliúna; agus leis na baill foirne uile ar fud na heagraíochta as a maoirseacht, ceannaireacht, gairmiúlacht agus tiomantas leanúnach do BOOLI.

In 2026 leanfaimid ar aghaidh ag díriú ar dheiseanna fiúntacha a chur ar fáil do cheannairí chun tabhairt faoi Bhreisoideachas agus Breisoiliúint; oideachas Bunscolaíochta agus Iar-bhunscolaíochta, agus Seirbhísí Óige agus Ceoil ar fud an Longfoirt agus na hlarmhí, lena chur ar a gcumhacht a lánacmhainneacht a bhaint amach agus sásamh a bhaint as an saol.

Ag breathnú chun cinn, cuirfear tús le Ráiteas Straitéise BOOLI 2027–2031 a fhorbairt in 2026. Táim ag tnúth le bheith ag obair libh ar an Straitéis nua, ós rud é go dtabharfaidh an próiseas sin deis dúinn tógáil ar an mbunús láidir a bunaíodh le ceithre bliana anuas, caidreamh níos dlúithe a chothú le foghlaimeoirí, baill foirne agus páirtithe leasmhara, agus fíis a dhíríonn ar an toadhcaí a ullmhú, fíis a léireoidh riachtanais agus uailmhianta ár páirtithe leasmhara agus na bpobal a bhfreastalaímid orthu.



Siobhán Lynch

Príomhfheidhmeannach,
Bord Oideachais agus Oiliúna
an Longfoirt agus na hlarmhí



Teachtaireacht ón gCathaoirleach



Mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI), tá ríméad orm Plean Seirbhíse 2026 a chur i láthair, ina dtugtar breacchuntas ar na seirbhísí a sholáthróidh BOOLI sa bhliain amach romhainn.

Ina cháil mar sholáthraí reachtúil oideachais agus oiliúna i gcontaetha an Longfoirt agus na hIarmhí, tá ról ríthábhachtach ag BOOLI chun tacú le foghlaimeoirí ag gach céim dá dturas oideachais, idir oideachas bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta agus breisoideachas agus breisoiliúint. Tá ár ngealltanas maidir le hoideachas agus oiliúint atá ar ardchaighdeán, ionchuimsitheach agus réamhbhreathnaitheach a sholáthar ina ghné lárnach dár gcuid oibre do na pobail a bhfreastalaímid orthu.

Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a raibh baint acu le Plean Seirbhíse na bliana seo a fhorbairt, agus aithním tiomantas leanúnach agus saineolas chomhaltaí Boird BOOLI, a mbíonn a dtreoir agus a ndíograis ag tacú le treo straitéiseach na heagraíochta i gcónaí.

Gabhaim buíochas ó chroí le Brian Higgins freisin, duine a thug ceannaireacht sheasta agus dhíograiseach agus é ag feidhmiú mar Phríomhfheidhmeannach Gníomhach le linn tréimhse aistriú. Cuirim fáilte roimh Shiobhán Lynch mar Phríomhfheidhmeannach agus táim ag tnúth le bheith ag obair léi agus BOOLI ag athrú tuilleadh agus ag freagairt do riachtanais foghlaimeoirí agus pobal. Gabhaim buíochas leis na Stiúrthóirí agus le foireann uile BOOLI, a bhfuil a ngairmiúlacht, a ndúthracht agus a dtiomantas don sármhaitheas mar bhonn agus taca le gach a mbaineann BOOLI amach.

I dteannta a chéile, táimid ag féachaint chun cinn le muinín agus dóchas, ag tógáil ar na héachtaí a baineadh amach san am ata caite agus ag leanúint orainn ag neartú an tsoláthair oideachais agus oiliúna ar fud an Longfoirt agus na hIarmhí chun leasa na bhfoghlaimeoirí atá againn faoi láthair agus a bheidh againn amach anseo.

An Comh. Aoife Davitt
Cathaoirleach, BOOLI



Próifíl ar Chontaetha an Longfoirt agus na hIarmhí

Daonra


Léiríonn na torthaí achoimre ó Dhaonáireamh 2022 go raibh daonra iomlán 142,972 duine sa Longfort agus san Iarmhí, sin méadú foriomlán de 13,329 ó fhiigiúirí dhaonáireamh 2016. Léiríonn torthaí Dhaonáireamh 2022 gur fhás daonra Longfoirt

14% go 46,751 duine, rud a chiallaíonn gur tháinig méadú 5,878 ar líon na ndaoine sa chontae idir Aibreán 2016 agus Aibreán 2022. Chomh maith leis sin, tháinig méadú 8% go 96,221 duine ar dhaonra na hIarmhí, rud a chiallaíonn gur tháinig méadú 7,451 ar líon na ndaoine sa chontae idir Aibreán 2016 agus Aibreán 2022.

Le linn na tréimhse céanna d'Aibreán 2016 agus d'Aibreán 2022 tháinig méadú 8% ar dhaonra na hÉireann ó 4,761,865 go 5,149,139.

Thuar an Phríomh-Oifig Staidrimh an méadú sa daonra seo agus táthar ag tuar go leanfaidh sé sna blianta amach romhainn. Thug a Réamh-mheastacháin Daonra Réigiúnacha 2016-2031 le fios go mbeadh méadú ar dhaonra Lár Tíre 25,000 faoi 2031 go 309,000 má fhilleann patrúin imirce inmheánaigh go dtí na patrúin traidisiúnta a tugadh faoi deara go deireanach i lár na 1990idí.

Figure 1.1 Population at each census, 1841 to 2022



© Central Statistics Office, Ireland
<https://data.cso.ie/table/FY001>

Figiúirí fostaíochta

Is iad seo a leanas na torthaí achoimre ó fhiigiúirí fostaíochta dhaonáireamh 2022 do Co. Longfoirt agus Co. na hIarmhí;

Bhí 19,695 duine (15 bliana d'aois agus níos sine) ag obair sa Longfort, méadú 4,523 duine (+30%) idir 2016 agus 2022.

Bhí 42,077 duine (15 bliana d'aois agus níos sine) ag obair san Iarmhí, méadú 6,788 duine (+19%) idir 2016 agus 2022.

Go náisiúnta, bhí 313,656 duine breise (+16%) ag obair.

Figiúirí dífhostaíochta

Ríomhtar ráta dífhostaíochta an daonáirimh mar líon na ndaoine a bhí ag lorg a gcéad phoist nó dífhostaithe mar chion de na daoine go léir 15 bliana d'aois agus níos sine a bhí ag obair, ag lorg a gcéad phoist nó dífhostaithe. Is iad seo a leanas na figiúirí náisiúnta; Ba é 8% an ráta dífhostaíochta, mar a tomhaiseadh é sa daonáireamh, i mí Aibreáin 2022. Thit sé ó 19% in 2011 agus 13% in 2016.

Thit an ráta dífhostaíochta ar fud gach cohóirt aoise. Bhí an ráta dífhostaíochta is airde in 2022 (16%) i measc daoine fásta óga idir 15 agus 24 bliana d'aois, síos ó 26% in 2016.

Tháinig laghdú ar ráta dífhostaíochta an daonáirimh i ngach contae idir 2016 agus 2022. Tharla an titim is mo i gCo. Longfoirt, síos ó 20% in 2016 go 11% in 2022. Ba é ráta dífhostaíochta Co. Longfoirt in 2022 - 10.7%. Ba é ráta dífhostaíochta Co. na hIarmhí in 2022 - 9.5%.

** Torthaí Achoimre Dhaonáireamh 2022 na Príomh-Oifige Staidrimh



Próifíl BOOLI

Bunaíodh BOO an Longfoirt agus na hlarmhí (BOOLI) faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus is é an t-údarás áitiúil reachtúil, oideachais agus oiliúna do chontaetha Longfoirt agus na hlarmhí é. Soláthraíonn BOOLI raon leathan seirbhísí oideachais agus oiliúna lena n-áirítear:

- Bunscóil
- Iar-Bhunscoileanna agus Coláistí
- Iar-Ardteistiméireacht
- Ionaid Breisoideachais agus Oiliúna
- Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna
- Seirbhísí don Ógra
- Oideachas Ceoil

Tá BOOLI á rialú ag Bord ar a bhfuil 21 comhalta. Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ag an mBord chomh maith, Coiste Airgeadais, Coiste Comhairleach Óige agus Comhpháirtíocht Áitiúil um Oideachas Ceoil, atá comhdhéanta de chomhaltaí seachtacha chomh maith le comhaltaí Boird. Tugann Boird Bhainistíochta i ngach ceann de na 8 iar-bhunscoil agus 1 bunscóil de chuid BOOLI tacaíocht bhreise d'obair an Bhoird. Tá feidhmeanna ginearálta BOO sonraithe san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tá ceannoifig BOOLI lonnaithe sa Mhuileann gCearr agus tá oifigí riaracháin lonnaithe i mbaile Longfoirt. Soláthraíonn na hoifigí seo tacaíocht airgeadais, acmhainní daonna, seirbhísí corparáideacha, foirgnimh, rialachais, pleanála agus ceannaireachta le haghaidh gach soláthar oideachais a chuireann BOOLI ar fáil.

Tá eolas ar an raon iomlán soláthar oideachais agus oiliúna a chuireann BOOLI ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.lwetsb.ie





ÁR MISEAN

Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá bríomhar, éagsúil agus nualach



ÁR BHFÍS

Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá gairmiúil, beomhar, ar ardcháilíocht agus a aithnítear go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a sholáthar



ÁR LUACHANNA

Dírthe ar an bhFoghlaimoír Ceiliúrann Cuimsiú Feidhmíonn le hIonracas



Ár Luachanna



Díríthe ar an bhFoghlaimoír

Cuirimid foghlaimoírí i gcoilár gach rud a dhéanaimid.

DÉANAIMID É SEO TRÍ:

- Riachtanais na bhfoghlaimeoirí a chur chun tosaigh.
- Guth a thabhairt d'fhoghlaimoírí.
- Córais agus modheolaíochtaí a athbheithniú agus a fhorbairt i gcónaí.
- Cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh i leith an oideachais.
- Luach saothair a bhronnadh ar obair chrua agus ar thiomantas.



Ceiliúrann Cuimsiú

Déanaimid an chomhionannas a cheiliúradh agus fáiltimid roimh gach foghlaimoír.

DÉANAIMID É SEO TRÍ:

- Glacadh le hilchinéalacht na bpobal.
- Deiseanna oideachais inrochtana a sholáthar.
- Oiriúnú do riachtanais na bpobal.
- Timpeallacht shábháilte oibre agus foghlama a chinntiú don fhoireann agus d'fhoghlaimoírí.
- Comhpháirtíochtaí a spreagadh ar fud na heagraíochta agus níos faide i gcéin.



Feidhmíonn le hIonracas

Oibrimid ar bhealach atá eiticíuil, trédhearcach agus cuntasach..

DÉANAIMID É SEO TRÍ:

- Beartais agus córais trédhearcacha a bheith i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.
- Cumarsáid oscailte a chinntiú.
- Ómós a thabhairt do gach ball den phobal.
- Freagracht a ghlacadh as ár ngníomhartha.
- Ceannaireacht a thabhairt le deashampla.



Treoraíonn le Nuálaíocht

Treoraíonn muid nuálaíocht trí smaointe nua a chothú agus cruthaitheacht a chur chun cinn.

DÉANAIMID É SEO TRÍ:

- Forbairt ghairmiúil a chur chun cinn i ngach réimse den eagraíocht.
- Cleachtas a athbheithniú i gcónaí.
- Oiriúnú do riachtanais athraitheacha.
- Tacú le hobair na gcomhghleacaithe.
- Dul i dteagmháil le soláthraithe clár nua agus nuálaíoch.
- Saoirse a thabhairt d'fhoghlaimoírí



Príomhfhórais agus Príomhfhóiracha BOOLEI

Scoileanna

| | Líon Príomhláithreacha | Líon na Rannpháirtithe |
|--|---------------------------|---------------------------|
| Daltaí Iar-Bhunscoile | 8 | 3,495 |
| Daltaí Iar-Ardteistiméireacht | 2 | 254 |
| Daltaí Bunscoile | 1 | 306 |
| Ionad Oideachas Sóisearach, Naomh Antaine | 1 | 12 |
| Iomlán | 12 | 4,067 |

Breisoideachas agus Oiliúint

| | Líon Príomhláithreacha | Líon na Rannpháirtithe |
|--|---------------------------|---------------------------|
| Tairbhíthe atá ag freastal ar Chláir BOOLEI | 12 | 11,358 |
| Tairbhíthe Seirbhísí FET eile | 3 | 7,596 |
| Iomlán | 15 | 18,954 |

Seirbhísí Óige

| | Líon Príomhláithreacha | Líon na Rannpháirtithe |
|---|---------------------------|---------------------------|
| Clubanna faoi stiúir oibríthe deonacha | 37 | 1,700 |
| Seirbhísí Óige faoi stiúir na hÓige | 9 | 3,000 |
| Iomlán | 46 | 4,700 |

Music Generation

| | | |
|--------------|----------|---------------|
| Longford | 1 | 4,350 |
| Westmeath | 1 | 5,911 |
| Total | 2 | 10,261 |



Miondealú Foirne BOOLI

| Catagóir | 2026 |
|-------------------------------------|--------------|
| Múinteoirí Iar-Bhunscoile | 502 |
| Múinteoirí/Teagascóirí FET | 162 |
| Foireann Riaracháin | 160 |
| Comhordaitheoirí/Ceannasaithe Ionad | 32 |
| Oibrithe Acmhainne | 13 |
| Foireann Cothabhála | 28 |
| Foireann Tacaíochta (SNA) | 85 |
| Scrúduithe | 111 |
| Fíordheimhniitheoir Seachtrach | 15 |
| Music Generation | 35 |
| Eile | 75 |
| Iomlán | 1,218 |



Láithreacht Seirbhísí BOOLI



Scoileanna

1. Ardscoil Phádraig, Gránard
2. Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain
3. Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin
4. Coláiste Pobail Bhaile na gCros
5. Coláiste Cholm Cille, Cill Liúcainne
6. Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag
7. Coláiste Pobail an Mhuilinn gCearr (Soláthar PLC san áireamh)
8. Coláiste Theampall Mhichíl, Longfort (Soláthar PLC san áireamh)
9. Naomh Antaine, Baile Átha Luain
10. Scoil Náisiúnta Corr Na Madadh

Breisoideachas agus Oiliúint

11. Campas Bothar Chluain Eoghain Bhaile Átha Luain
12. Campas Lána an Phinniúir
13. Campas Bhaile Uí Mhatháin
14. Campas an Ghránard
15. Campas O Conghalaigh
16. Campas an Bhaile Mharlainn
17. Campas Garraí an Chaisleáin
18. Campas an Dhealbhna
19. Campas an Chill Bheagáin
20. Campas Céide O'Growney
21. Campus an Belvedere
22. Campus an Cionn Átha Gad

Oifigí Riaracháin

23. Ceannoifig BOOLI An Mhuileann gCearr

1,218 Ball Foirne

**4,067 Daltaí
Bunscoile & Daltaí
Iar-bhunscoile**

**11,358
Foghlaimoirí
FET**

**Buiséad Bliantúil
thart ar
€95 milliún**



Tosaíochtaí Straitéiseacha

ÁR MISEAN

Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá briomhar, éagsúil agus nuálach a sholáthar.

Fís: Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá gairmiúil, beomhar, ar ardcháilíocht agus a aithnítear go náisiúnta agus go hidimáisiúnta a sholáthar

Dirithe ar an bhFoghlaim

FOCHLAIMEOIRÍ

Ceiliúrann Cuimsiú

DAOINE

Feidhmíonn le hIonracs

SEIRBHÍSÍ

Treoraíonn le Nuálaíocht

EAGRAÍOCHT



Tosaíocht 1

Teagasc, Foghlaim, Measúnú ar Ardchaighdeán a chur ar fáil, Forbairt agus Eispéireas an Fhoghlaimora



Tosaíocht 2

Feabhas a chur ar Bhonneagar ar fud BOOLI



Tosaíocht 3

Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochtúil a Fheabhsú



Tosaíocht 4

Comhpháirtíochtaí a fheabhsú



Tosaíocht 5

Inbhuanaitheacht Chomhshaoil agus Shóisialta a fhorbairt



1.

Teagasc, Foghlaim, Measúnú, Forbairt agus Eispéireas Foghlama Ar Ardchaighdeán a Sholáthar

BÉIM:

Teagasc, foghlaim, measúnú agus forbairt ar ardchaighdeán agus chuimsitheach a sholáthar do gach foghlaimeoir agus ball foirne

1. Eispéireas foghlaimeora a bharrfheabhsú trí chultúr comhoibríthe a chur chun cinn ina gcloistear glór na mac léinn, na bhfoghlaimeoirí, na mbaill foirne agus na dtuismitheoirí/caomhnóirí agus ina gcuirtear chun cinn an deis chun dul i ngleic le cinnteoireacht laistigh de BOOLI.
2. Tacú le tionscnaimh a fhreastalaíonn ar riachtanais an chláir náisiúnta de réir mar a thagann siad chun cinn, a chuireann rannpháirtíocht mhéadaithe, comhionannas agus cuimsiú chun cinn.
3. Déanfaidh ionaid agus scoileanna cultúr a chur chun cinn agus a leabú ina dtugtar an deis dár bhfoghlaimeoirí agus mic léinn a lánacmhainneacht a bhaint amach.
4. Tacú lenár n-ionaid agus lenár scoileanna próisis féinmheastóireachta agus dearbhaithe cáilíochta a leabú ar fud seirbhísí BOOLI.
5. Cinntiú go dtugtar tús áite do shábháilteacht agus fholláine na mac léinn agus na bhfoghlaimeoirí uile, go gcloítear go hiomlán le rialacháin agus treoirlínte agus go léirítear Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanáí.



2. Feabhas a Chur ar Bhonneagar ar fud BOOLI

BÉIM:

Feabhas a chur ar thimpeallachtaí oibre agus foghlama. Bonneagar, saoráidí agus acmhainní a fhorbairt agus a fheabhsú don fhoireann agus d'fhoghlaimoirí.

1. Foirgnimh agus saoráidí a chothabháil, a fheabhsú agus a leathnú chun cóiríocht atá oiriúnach don fheidhm a sholáthar don fhoireann agus d'fhoghlaimoirí.
2. Fiosruithe a dhéanamh maidir le seirbhísí BOOLI a leathnú chun Pobalscoileanna Náisiúnta agus Coláistí FET na Todhchaí a chuimsiú.
3. Bonneagar TFC a chur i bhfeidhm agus a leathnú chun tacú le córais rialachais, córais Cosanta Sonraí, leanúnachas gnó agus bainistíocht riosca.
4. Córais faisnéise agus tuairiscithe bhainistíochta chuí a fhorbairt ar fud BOOLI.
5. Córais agus struchtúir éifeachtacha Sláinte agus Sábháilteachta a athbhreithniú agus a fheabhsú ar fud na heagraíochta.

3. Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin a Fheabhsú

BÉIM:

Timpeallacht oibre thacúil, chomhoibríoch agus sábháilte a sholáthar don fhoireann ar fad trí bheartais agus nósanna imeachta ábhartha a sholáthar a bhfuil an Fhoghlaim agus an Fhorbairt Ghairmiúil.

1. Dea-chleachtas rialachais a leabú ar fud BOOLI de réir Chód Rialachais an BOO, na reachtaíochta reatha agus cloí leis na ceanglais tuairiscithe do ranna rialtais ábhartha.
2. Deiseanna forbartha foirne a sholáthar chun eolas a chur ar an dea- chleachtas agus chun seachadadh seirbhísí bríomhara, ilchineálach, nuálacha a chumasú.
3. Foireann oilte ar ardchaighdeán a mhealladh agus a choinneáil agus struchtúir a leabú chun freastal ar phatrúin oibre atá ag athrú.
4. Scileanna acmhainneachta ceannaireachta a fhorbairt ar fud na heagraíochta.
5. Tacú le folláine eagraíochtúil.
6. Straitéis cumarsáide inmheánach a chur i bhfeidhm.
7. Cleachtas rialachais éifeachtacha, bainistíocht riosca, comhlíonadh agus cuntasacht ar fud na heagraíochta a chinntiú agus a fheabhsú.



4.

Comhpháirtíochtaí a Fheabhsú

BÉIM:

Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt tuilleadh go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun tacú le haitheantas branda, nuálaíocht agus dea-chleachtas.

1. An branda BOOLI a chur chun cinn agus próifíl áitiúil agus náisiúnta na seirbhísí go léir a ardú ar fud BOOLI.
2. Feabhas a chur ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus naisc a chothú le comhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.
3. Dul i ngleic le forbairt beartais náisiúnta agus freagairt dó agus tacú lena chur i bhfeidhm.
4. Straitéis Sheachtrach Chumarsáide a chur i bhfeidhm.
5. Teagmháil réamhghníomhach a dhéanamh le gníomhaireachtaí agus fostóirí chun freagairtí nuálacha leanúnacha a chinntiú do riachtanais oideachais agus eacnamaíocha reatha agus amach anseo.



5. Inbhuanaitheacht Chomhshaoil agus Sóisialta a Fhorbairt



1. Forbairt agus tacú le seachadadh cuspóirí náisiúnta mar a éilfear sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2021.
2. Cláir ábhartha oideachais agus oiliúna a sholáthar chun freastal ar éilimh oideachais agus fostaíochta mar thoradh ar forbairt an Phlean Gníomhaíochta Aeráide.
3. Barrfeabhais a chur ar fhoirgnimh reatha agus ar fhoirgnimh mholta de réir na riachtanas inbhuanaitheachta.
4. Inbhuanaitheacht comhshaoil a mhéadú ar fud na heagraíochta trí phróiseas féinmheastóireachta chun eolas a mhéadú agus feasacht a forbairt maidir le gníomhú ar thorthaí.
5. Feasacht agus próisis um sholáthar Glas a forbairt.
6. Plean BOOLI a forbairt chun spriocanna nua 2030 a bhaint amach.



Ráiteas Seirbhísí an Phlean Seirbhíse 2026 Breisoideachas & Oiliúint

| Tosaíocht 1 BOOLI | Sprioc BOOLI | Gníomh BOO | Táscaire Feidhmíochta BOO | Sprioc BOO | |
|--|--|---|--|---|--|
| <p>1. Eispéireas Múinteoireachta, Foghlama, Measúnachta, Forbartha agus Foghlaimeoirí ar ardchaighdeán a chur ar fáil.</p> <p>BÉIM: Múineadh, foghlaim, measúnacht agus forbairt ar ardchaighdeán atá ionchuimsitheach agus inrochtana a chur ar fáil do gach foghlaimeoir agus ball foirne.</p> | <p>1.1 Barr feabhais a chur ar eispéireas an fhoghlaimeora trí chultúr comhoibríthe a chur chun cinn ina dtugtar cluas éisteachta do ghuth an scoláire, an fhoghlaimeora, na foirne agus tuismitheoirí/caomhnóirí agus ina gcuirtear an deis chun cinn le haghaidh a thabhairt ar an gcinnteoireacht laistigh de BOOLI.</p> | <p>Socraíonn na bainisteoirí líne cruinnithe foirne le haghaidh gach ball foirne.</p> | <p>Tá íoslíon 6 chruinniú foirne sceidealaithe in aghaidh na bliana ag bainisteoirí BOO agus ceanglais foirne/róil á gcur san áireamh ag Comhordaitheoirí BOO.</p> | <p>Cuireadh sé chruinniú foirne ar bun.</p> | |
| | | <p>Cuimsítear guth an fhoghlaimeora sa phróiseas cinnteoireachta laistigh de BOO</p> | <p>Bailítear aiseolas trí rannpháirtíocht le foghlaimeoirí, trí shuirbhéanna agus trí fhóiraim d'fhoghlaimeoirí.</p> | <p>I gcomhpháirt le AONTAS, ócáid a dhíríonn ar fhoghlaimeoirí a eagrú.</p> | |
| | | | <p>Foirm aiseolais nua d'fhoghlaimeoirí a chur i bhfeidhm.</p> | <p>An fhoirm aiseolais a úsáid ar fud an choláiste Breisoideachas agus Oiliúna.</p> | <p>Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na foirme aiseolais.</p> |
| | <p>1.2 Tacú le tionscnaimh a fhreastalaíonn ar riachtanais an chláir náisiúnta de réir mar a thagann siad chun cinn, rannpháirtíocht mhéadaithe, comhionannas agus ionchuimsiú a chur chun cinn.</p> | <p>Baill foirne Breisoideachais agus Oiliúna a ainmiú agus a bheith rannpháirteach i dtionscnaimh náisiúnta de réir mar is cuí.</p> | <p>Rannpháirtíocht baill foirne Breisoideachais agus Oiliúna i dtionscnaimh náisiúnta.</p> | <p>Déanfar clár ionadaíochta na foirne BOO le haghaidh 2026 a nuashonrú.</p> | |
| <p>1.3 Déanfaidh ionaid agus scoileanna cultúr a chur chun cinn agus a leabú ina dtugtar deis dár bhfoghlaimeoirí agus scoláirí barr a gcumais a bhaint amach.</p> | <p>Tá Seirbhísí Earcaíochta agus Treorach d'Aosaigh an Bhreisoideachais agus Oiliúna ar fáil d'fhoghlaimeoirí reatha nó dóibh siúd ar mhaith leo roghanna breisoideachais agus oiliúna a fhiosrú ar mhaithe lena ngairm a fheabhsú.</p> | <p>Socraítear coinní le haghaidh cliaint ar mhaith leo an tseirbhís a úsáid.</p> | <p>Bhí 4,000 cás de theagmháil le cliaint ag an tSeirbhís Treorach d'Aosaigh de chuid BOO le linn 2026.</p> | | |

| | | | | |
|---|--|---|--|--|
| | | Cuirfear roghanna cláir nua ar fáil ar d'fhoghlaimoirí. | Bailíochtú na gclár leis na forais cháiliúcháin a chur chun cinn. | Bailíochtófar 1 chlár nua, ar a laghad. |
| 1.4 Tacú lenár n-ionaid agus lenár scoileanna chun próisis féinmheastóireachta agus dearbhairthe cáilíochta a leabú ar fud sheirbhísí BOOLI. | | Tá Dearbhú Cáilíochta (DC) fite fuaite sa Bhreisoideachas agus Oiliúint. | Tacaíonn foireann a chuireann cabhair leanúnach ar fáil don bhainistíocht Breisoideachais agus Oiliúna, do Chomhordaitheoirí, do theagascóirí agus d'fhoghlaimoirí Breisoideachais agus Oiliúna, le Dearbhú Cáilíochta laistigh den Bhreisoideachas agus Oiliúint. | Reáchtálfar sceideal de cheithre chlinic Ceisteanna Coitianta saindirithe ar a laghad le haghaidh baill foirne Breisoideachais agus Oiliúna. |
| | | Athbhreithniú tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. | Plean Gníomhaíochta um Athbhreithniú Tionscnaimh a athbhreithniú agus a nuashonrú. | Cuireadh an chéad Plean um Athbhreithniú ar Dhul chun Cinn le haghaidh 2026 faoi bhráid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. |
| | | A chinntiú go dtacaítear le Rialachas DC agus go gcoimeádtar é. | Tá dhá ghrúpa rialachais DC i bhfeidhm. | Reáchtálfar íoslíon d'ocht gcruinniú sna grúpaí rialachais uile. |
| 1.5 A chinntiú go dtugtar tús áite do shábháilteacht agus folláine gach scoláire agus foghlaimeora, go gcomhlíontar rialacháin agus treoirlínte go hiomlán, agus go léirítear Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025. | | Cuirtear seirbhísí tacaíochta síceolaíochta ar fáil do gach foghlaimoir BOO. | Athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean forfheidhmithe lena chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach d'fhoghlaimoirí. | Athbhreithniú a dhéanamh ar an tseirbhís lena chinneadh go bhfuil seirbhís luachmhar d'fhoghlaimoirí á cur ar fáil aici. |
| | | Tá cosaint leanaí mar thosaíocht i dtaca le soláthar agus seirbhísí BOO a bhfaigheann daoine faoi 18 mbliana d'aois rochtain orthu. | Tá nósanna imeachta um chosaint leanaí agus daoine fásta soghonta leabaithe laistigh de BOO. | Grúpa maoirseachta um Chosaint Leanaí agus Daoine Fásta Soghonta a bhunú in 2026. A chinntiú go mbeidh na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 glactha ag Ógtheagmháil faoi dheireadh 2026. |

| | | | | |
|--|---|--|--|---|
| | | Deiseanna a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí bheith rannpháirteach in ócáidí folláine. | Poiblíocht a dhéanamh d'ócáidí d'fhoghlaimoirí i ngach campas. | Rochtain ar cheithre ócáidí folláine ar a laghad a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí. |
| Tosaíocht 2 BOOLI | Sprioc BOOLI | Gníomh BOO | Táscaire Feidhmíochta BOO | Sprioc BOO |
| 2. Bonneagar a fheabhsú ar fud BOOLI. BÉIM: Timpeallachtaí oibre agus foghlama a fheabhsú. Bonneagar, áiseanna agus acmhainní don fhoireann agus d'fhoghlaimoirí a fhorbairt agus a fheabhsú. | 2.1 Foirgnimh agus áiseanna a chothabháil, a fheabhsú agus a leathnú chun cóiríocht atá oiriúnach don fheidhm a chur ar fáil don fhoireann agus d'fhoghlaimoirí. | Ceaptar plan oibreacha le haghaidh foirgnimh a úsáidtear le haghaidh BOO. | Cuirtear oibreacha in ord tosaíochta agus cuirtear tús leo agus/nó críochnaítear iad sa bhliain 2026. | Buiséad caipitil bliantúil leithdháilte atá le caitheamh. |
| | | Maoiniú le lorg ó SOLAS le haghaidh tionscadail bhonneagair/tógála. | Iarratais ar mhaoiniú le déanamh chuig SOLAS trí úsáid a bhaint as próiseas iarratais nua: Foirm Iarratais agus Cás Gnó an Chiste um Uasghrádú Bonneagair Straitéisigh (CUBS) Teimpléad - Tuairisc Meastóireachta Straitéisí(TMS) Foirm Iarratais le haghaidh Oibreacha Sláinte agus Sábháilteachta Éigeandála. | Iarratas amháin ar a laghad le déanamh (faoi réir cuirí á n-eisiúint ag SOLAS chuig earnálacha). |
| | | An úsáid a bhaineann Foghlaimoirí as Áiseanna arna Maoiniú ag BOO a uasmhéadú. | An líon foghlaimoirí a fhreastalaíonn ar Shuíomhanna nua BOO a mhéadú. | Ar a laghad 15 chlár BOO a chur ar fáil i gCampas Chionn Átha Gad faoi dheireadh na bliana. |
| | | An úsáid a bhaineann Foghlaimoirí as Áiseanna arna Maoiniú ag BOO a uasmhéadú. | An líon foghlaimoirí a fhreastalaíonn ar Shuíomhanna nua BOO a mhéadú. | Ar a laghad 6 chlár BOO a chur ar fáil san fhoirgneamh Aistriú Cóir/SOLAS i gCampas Uí Chonghaile faoi dheireadh na bliana. |

| | | | | |
|--|--|---|---|--|
| | | An úsáid a bhaineann Foghlaimeoirí as Áiseanna arna Maoiniú ag BOO a uasmhéadú. | An líon foghlaimeoirí a fhreastalaíonn ar Shuíomhanna nua BOO a mhéadú. | Faoi réir ag leithdháileadh buiséid leordhóthanach a bheith ceadaithe ag SOLAS, tosú ar Phrintíseacht Leictreachais Chéim 2 a chur ar fáil i gCampas Uí Chonghaile faoi dheireadh na bliana. |
| | 2.2 Iniúchadh a dhéanamh ar leathnú seirbhísí BOOLI chuig Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí. | Maoiniú ó SOLAS a dhaingniú chun “Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí” a bhunú. | An Ciste Uasghrádaithe Bonneagair Straitéisigh (SIUF) a cuireadh faoi bhráid na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta/ SOLAS a chur chun cinn chuig an gcéad chéim tairsí eile. | An tionscadal SIUF a bhaineann le cónascadh Champas Bhóthar Chluain Eamhain agus Charraig an Chaisleáin a chur ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile i gcomhar le hAonad Foirgneamh BOOLI agus SOLAS. |
| | 2.3 Bonneagar TFC a chur i bhfeidhm agus a leathnú chun tacú le córais rialachais, córais Cosanta Sonraí, leanúnachas gnó agus bainistíocht riosca. | Cuireann BOO leis an gcóras bainistíochta rioscaí. | Áirítear bainistíocht rioscaí BOO i gcóras bainistíochta riosca iomlán BOOLI. | Déanfar córas bainistíochta riosca BOO athbhreithnithe agus uasdátaithe a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú 3 huairé sa bhliain. |
| | 2.4 Córais chuí faisnéise agus tuairiscithe bainistíochta a fhorbairt ar fud BOOLI. | Córais faisnéise bainistíochta (Airgeadas). | Tuairiscí míosúla á gcruthú ag bainistíocht agus comhordaitheoirí BOO chun bonn eolas a chur faoin bpleanáil airgeadais. | Tuairisc mhíosúil ar chaiteachas á hullmhú agus á dáileadh ar na coimeádaithe buiséid uile i bhfoirne agus/nó ar ríomhphost. |
| | | Córais faisnéise bainistíochta (neamhairgeadas). | Tuairiscí míosúla á gcruthú le go ndéanfadh bainistíocht agus comhordaitheoirí BOO athbhreithniú orthu chun bonn eolais a chur faoi sheachadadh an tsoláthair. | Tuairiscí míosúla á n-ullmhú agus á ndáileadh ar ríomhphost. |

| | | | | |
|--|---|---|--|---|
| | | Comhaontú Feidhmiúcháin Straitéisigh (CFS) a chomhaontú le SOLAS mar Mhaoinitheoirí againn. | Cláir agus cúrsaí a chur ar fáil de réir an chomhaontaithe. | Spríocanna CFS a comhaontaíodh le haghaidh 2026 a sheachadadh faoi dheireadh na bliana (i gcomhréir le leithdháileadh buiséid cuí). |
| | | A chinntiú go bhfuil gach clár Breisoideachais agus Oiliúna ar fáil agus feiceálach do gach foghlaimoír féideartha. | Cúrsaí agus cláir curtha ar bun in PLSS agus FETCH. | Cuirfidh foireann earcaíochta BOO foghlaimoírí ar aghaidh ón gcéim iarratais go dtí cur i gcrích cúrsaí le linn 2026. |
| | 2.5 Córais agus struchtúir éifeachtacha Sláinte agus Sábháilteachta a athbhreithniú agus a fheabhsú ar fud na heagraíochta. | Athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta ar fud BOO agus iad a fheabhsú. | Athbhreithniú a dhéanamh ar na hiniúchtaí Sláinte agus Sábháilteachta atá déanta i ngach suíomh BOO. | An dul chun cinn atá déanta in aghaidh riachtanais shainaitheanta a rianú faoi dheireadh na bliana. |
| | | Sláinte agus Sábháilteachta ar fud BOO a fheabhsú. | Tá cruinnithe Sláinte agus Sábháilteachta sceidealaithe le haghaidh suíomhanna BOO sa Longfort, san Iarmhí agus ag Campas Charraig an Chaisleáin | Tionóltar ceithre chruinniú Sláinte agus Sábháilteachta le haghaidh gach ceann le na trí shuíomh shainaitheanta gach bliain. |

| Tosaíocht 3 BOOLI | Spríoc BOOLI | Gníomh BOO | Táscaire Feidhmíochta BOO | Spríoc BOO |
|--|---|---|--|---|
| 3. Tacaíocht & Forbairt Eagraíochtúil a Fheabhsú. BÉIM: Timpeallacht oibre atá tacúil, comhoibríoch agus sábháilte a chur ar fáil do gach ball foirne trí bheartais agus nósanna imeachta ábhartha a chur ar fáil a mbeidh Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil mar bhonn agus taca leo. | 3.1 Cleachtais éifeachtacha rialachais, bainistíocht riosca, comhlíontacht agus cuntasacht a chinntiú agus a fheabhsú ar fud na heagraíochta. | Áirítear réimsí a bhaineann le BOO i gCóras Bainistíochta Rioscaí iomlán BOOLI. | Áirítear bainistíocht rioscaí BOO i gcóras bainistíochta riosca iomlán BOOLI. | Déantar nuashonrú ar an gCóras Bainistíochta Riosca breisoideachais agus oiliúna trí huaire sa bhliain. |
| | 3.2 Deiseanna forbartha foirne a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoi dheachleachtas agus chun soláthar seirbhísí dinimiciúla, ilchineálacha, nuálacha a chumasú. | Tacú le Foghlaim agus le Forbairt Ghairmiúil (F&FG) na foirne Breisoideachais agus Oiliúna. | Spreagtar baill foirne BOO leas a bhaint as deiseanna uasoiliúnaithe. | Cuirtear féilire deiseanna F&FG ar fáil do bhaill foirne. |
| | | Tacú le cur chun cinn na Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT) le haghaidh foghlaimeoirí agus na foirne BOO. | Trealamh TFC le húsáid ag baill foirne a uasghrádú de réir mar is gá. | Trealamh nua TFC a rolladh amach in 2026 do na baill foirne a shainaithin bainisteoirí agus comhordaitheoirí BOO go raibh trealamh uasdátaithe de dhíth orthu. |
| | 3.3 Foireann oilte ar ardchaighdeán a mhealladh agus a choinneáil agus struchtúir a leabú chun freastal ar phatrúin oibre atá ag teacht chun cinn. | Cead a lorg le haghaidh róil ionadaíochta agus róil nua laistigh den Bhreisoideachas agus Oiliúint. | Cásanna gnó a chur ar fáil chun tacú leis an bpróiseas faofa chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus SOLAS. | Cead a bhaint amach le haghaidh róil BOO de réir mar is cuí (i gcomhréir le daoine ag dul ar scor nó ag éirí as, seirbhísí nua á soláthar, cláir nua) agus iad a chur i gcomhréir leis an mbuiséad BOO atá ar fáil. |
| | | Tacaíonn a mbainisteoir líne le gach ball foirne atá nua nó a fuair ardú céime. | Cuirtear oiliúint in athbhreithnithe promhaidh ar fáil do dhaoine a bhfuil freagrachtaí bainistíochta líne orthu. | Cuirfear oiliúint in athbhreithnithe promhaidh ar 5 bhainisteoir líne ar a laghad in BOO le linn 2026. |
| | | Na róil nua atá ar fáil a chur chun cinn chun na hiarrthóirí is fearr a mhealladh. | Fógraítear gach folúntas BOO go himmheánach agus/nó go seachtrach de réir mar is cuí. | Tabharfar ar a laghad deich gcomórtas BOO chun críche. |

| | | | | |
|--|---|--|--|---|
| | 3.4 Scileanna cumais ceannaireachta ar fud na heagraíochta. | Feabhas a chur ar chumas ceannaireachta na foirne Breisoideachais agus Oiliúna. | Deiseanna a chruthú do bhaill foirne ceannas a ghlacadh ar thionscnaimh nua. | Ócáid Lónraithe do Chomhordaitheoirí le heagrú agus le hóstáil ag baill foirne BOO thar ceann a gcomhghleacaithe. |
| | 3.5 Tacú le folláine na heagraíochta. | Tacú le folláine gach ball foirne Breisoideachais agus Oiliúna. | Tá imeachtaí folláine san áireamh le deiseanna bliantúla F&FG. | Tá dhá imeacht ar a laghad le cur chun cinn. |
| Tosaíocht 4 | Spríoc BOOLI | Gníomh BOO | Táscaire Feidhmíochta BOO | Spríoc BOO |
| 4. Comhpháirtíochtaí a Shaibhriú. BÉIM: Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt tuilleadh go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun tacú le haitheantas branda, nuálaíocht agus deachleachtas. | 4.1 Branda BOOLI a chur chun cinn agus próifíl áitiúil agus náisiúnta na seirbhísí go léir ar fud BOOLI a ardú. | Leanúint de Chur i bhFeidhm an Choláiste Breisoideachais agus Breisoiliúna laistigh de BOOLI. | Cur chuige comhsheasmhach ar bhrandáil laistigh de BOO. | Leanúint den bhrandáil campais atá bunaithe le haghaidh 3 áis nua. |
| | | Cláir agus seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna a fhógairt trí úsáid a bhaint as gach rogha/modh meáin atá ar fáil. | Leithdháiltear buiséad i gcomhair fógraíochta ar an raidió, i nuachtáin agus ar na meáin shóisialta. | Leithdháiltear buiséad margaíochta imfhálaithe ar BOO le haghaidh 2026 agus déantar ar a laghad 10 bhfeachtas. |
| | 4.2 Rannpháirteachas páirtithe leasmhara a fheabhsú agus naisc a chothú le comhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. | Téann an fhoireann Breisoideachais agus Oiliúna i dteagmháil le comhpháirtithe áitiúla agus idirnáisiúnta de réir mar is cuí. | Ainmnítear baill ón bhfoireann Breisoideachais agus Oiliúna chun dul i dteagmháil le comhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. | Rachaidh an fhoireann Breisoideachais agus Oiliúna i dteagmháil le cúig imeacht ar a laghad le linn 2026. |
| | 4.3 Dul i ngleic le forbairt beartais náisiúnta, freagairt don fhorbairt sin agus tacú lena cur i bhfeidhm. | Rachaidh an fhoireann BOO i ngleic le forbairt beartais náisiúnta, freagróidh siad don fhorbairt sin agus tacóidh siad lena cur i bhfeidhm de réir mar is cuí. | Ainmnítear baill ón bhfoireann Breisoideachais agus Oiliúna chun dul i dteagmháil le comhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. | Rachaidh an fhoireann BOO i ngleic le dhá chomhoibriú nua ar a laghad. |

| | | | | | |
|--|--|---|--|--|-------------------|
| | <p>4.4 Dul i dteagmháil go réamhghníomhach le gníomhaireachtaí agus fostóirí chun freagairtí nuálacha leanúnacha ar riachtanais oideachais agus eacnamaíochta reatha agus amach anseo a chinntiú.</p> | <p>Feabhsaítear rannpháirtíocht fhiontraíoch le gníomhaireachtaí agus le fostóirí laistigh den Bhreisoideachas agus Oiliúint.</p> | <p>Beidh fostóirí agus printísigh cláraithe leis an gcóras printíseachtaí náisiúnta.</p> | <p>Beidh méadú 2% ar líon na ndaoine a chláraíonn le haghaidh printíseachtaí.</p> | |
| | | <p>Cuirfidh BOO cúrsaí Scileanna le haghaidh Dul Chun Cinn ar fáil.</p> | <p>Cuirfear rogha clár ar fáil.</p> | <p>Léiríonn an líon foghlaimoirí éileamh agus buiséad.</p> | |
| | | <p>Rachaidh an roinn Breisoideachais agus Oiliúna i dteagmháil leis an bhFóram Réigiúnach Scileanna.</p> | <p>Déanfaidh Stiúrthóir BOO ionadaíocht ar BOOLI.</p> | <p>Cuirfear tús le comhthionscnamh amháin, ar a laghad.</p> | |
| | | <p>Rachaidh BOO i dteagmháil le comhghleacaithe sa Roinn Coimirce Sóisialaí.</p> | <p>Déanfaidh BOO grúpa idirghníomhaireachta na Roinne Coimirce Sóisialaí/BOOLI a óstáil.</p> | <p>Tionólfar trí chruinniú ar a laghad.</p> | |
| | Tosaíocht 5 BOOLI | Sprioc BOOLI | Gníomh BOO | Táscaire Feidhmíochta BOO | Sprioc BOO |
| <p>5. Inbhuanaitheacht Chomhshaoil agus Shóisialta a Fhorbairt.</p> <p>BÉIM: Nuálaíocht, bithéagsúlacht agus pobail ghlasa ísealcharbóin a chur chun cinn.</p> | <p>5.1 Cuspóirí náisiúnta a fhorbairt agus tacú lena mbaint amach mar is riachtanach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021.</p> | <p>Oibriú leis an aonad Foirgneamh chun spriocanna a fhorbairt.</p> | <p>Riachtanais a shainaithint i gcomhairle leis an aonad Foirgneamh.</p> | <p>Tacú le seachadadh na gculpóirí náisiúnta trí mhaoiniú Caipitil Cineachta Glas le haghaidh dhá thionscadal lena laghdófar úsáid fuinnimh.</p> | |
| | <p>5.2 Clár oideachais agus oiliúna ábhartha a chur ar fáil chun freastal ar éilimh oideachais agus fostaíochta mar thoradh ar fhorbairt an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.</p> | <p>Clár scileanna glasa a rolladh amach d'fhoghlaimoirí BOO.</p> | <p>Seachadtar an clár mar chuid de sholáthar BOO de chuid BOOLI.</p> | <p>An clár a sheachadadh chuig fiche foghlaimoir ar a laghad.</p> | |

| | | | | |
|--|--|--|--|---|
| | <p>5.3 Foirgnimh reatha agus foirgnimh atá beartaithe a thabhairt suas go dtí na riachtanais inbhuanaitheachta éigeantacha.</p> | <p>Leanúint de chaidreamh a dhéanamh le haonad foirgneamh BOOLI maidir le forbairtí nua agus reatha.</p> | <p>Freastal ar chruinnithe forbartha le haghaidh tionscadail fhaofa.</p> | <p>Freastalaíonn ionadaithe BOO ar cheithre chruinniú forbartha leis an Aonad Foirgneamh agus tacaíonn siad le seachadadh tionscadal le linn na gcéimeanna tógála.</p> |
| | <p>5.4 Inbhuanaitheacht chomhshaoil a mhéadú ar fud na heagraíochta trí phróiseas féinmheastóireachta chun eolas a mhéadú agus feasacht a fhorbairt maidir le torthaí a chur i ngníomh.</p> | <p>An úsáid is fearr a bhaint as Méadair Chliste chun fuinneamh a chaomhnú in aonaid Bhreiseoideachais agus Oiliúna.</p> | <p>An úsáid is fearr a bhaint as Méadair Chliste chun fuinneamh a chaomhnú i suíomhanna BOO.</p> | <p>Cuirtear sonraí ar fáil do cheannairí BOO ar bhonn míosúil maidir le hídiú fuinnimh laistigh de champas.</p> |
| | <p>5.5 Feasacht agus próisis maidir le soláthar Glas a fhorbairt.</p> | <p>Oibriú leis an roinn soláthair chun nuashonrú a dhéanamh ar na próisis soláthair chun freagairt don inbhuanaitheacht.</p> | <p>Athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta soláthair reatha i dtaca le ceannach trealaimh.</p> | <p>Tacóidh an earnáil BOO leis an aonad soláthair i ndáil le comórtais ina mbeidh an inbhuanaitheacht ina príomhghné den phróiseas soláthair agus ina measfar í le linn conarthaí a dhámhachtain.</p> |

Ráiteas Seirbhísí an Phlean Seirbhíse 2026 Scoileanna, Obair don Aos Óg agus Music Generation

| Tosaíocht 1 BOOLI | Spríoc BOOLI | Gníomh Scoileanna, an Óige & Ceol | Scoileanna, an Óige & Ceol Táscaire Feidhmíochta | Spríoc na Scoileanna, an Óige & Ceoil |
|--|---|---|---|--|
